Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Mara

## Réamhrá

Tá dualgas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30 Cuntas Leithghabhála an Vóta a ullmhú gach bliain agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an dualgais sin, tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riaradh ag an Oifig sin, agus i leith Choimisiún Talún na hÉireann agus i leith deontais áirithe, fóirdheontais agus deontais-i-gcabhair éagsúla a íoc, agus maidir le deontas áirithe faoi scéimeanna teoranta ó thaobh airgead tirim a íoc, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2012, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaithe-i-gcabhair.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

**Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta caighdeánacha maidir le Cuntais Leithghabhála a réiteach i bhfeidhm agus an Cuntas a ullmhú, ach amháin maidir leis na nithe seo a leanas:

***Sócmhainní Caipitiúla***

Tá sceideal faoin talamh agus faoi na foirgnimh ar fad a riartar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas. De bharr nach bhfuil luachálacha don mhaoin sin go léir ar fáil, áfach, níl siad san áireamh sa ráiteas ar shócmhainní caipitiúla .

***Dímheas***

Tá dímheas 10% tagtha ar bhogearraí an Chórais Aitheantais agus Gluaiseachtaí Ainmhithe (AIM). Dímheastar na sócmhainní caipitiúla go léir ar bhonn na líne dírí thar a saol úsáideach measta ag tosú an mhí a gcuirtear i seirbhís iad.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Athbhreithniú ar Bhainistiú agus ar Rialú Airgeadais***

Tá roinnt bealaí ag an Roinn le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a córas rialaithe agus bainistíochta airgeadais ar bhonn leanúnach. Áirítear orthu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchta agus a Coiste Bainistíochta Riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, faoi chathaoirleacht dom, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus déanann monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna rialaithe agus ar na ceanglais creidiúnaithe atá leagtha síos le rialálachán do ghníomhaireachtaí íocaíochta an AE. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne, a bhfuil cúigear comhaltaí seachtracha mar chuid de, athbhreithniú agus monatóireacht ar phlean oibre an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh agus tugann tuairisc bhliantúil don Aire agus don Ard-Rúnaí maidir lena chur i bhfeidhm. Bíonn an Roinn faoi réir ag raon iniúchtaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh, ag Cúirt Iniúchóirí an AE, ag Coimisiún an AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách - cuideachta cuntasaíochta ghairmiúil - a dheimhníonn na cuntais bliantúla EAGF and EAFRD. Chuir mé Ráiteas Urrúis ar fáil don chomhlachas deimhníochta do chuntais bhliantúla an AE faoi mar a éilítear ag Rialachán ón gComhairle 1290/2005. Rinne na comhlachtaí sin thart ar 2,600 lá iniúchta ar an Roinn in 2012.

Déanann An Coiste Bainistíochta Riosca, a bhfuil mise mar chathaoirleach air freisin, monatóireacht ar fheidhmiú chlár Bainistíochta Riosca na Roinne. Is é cuspóir foriomlán an chláir na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne maidir lena cuspóirí a bhaint amach a aithint agus a mheas (rioscaí maidir le straitéis, feidhmiú, airgeadas agus clú) agus bearta le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin a leagan amach. Déantar é a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Lean an clár ar aghaidh ag feidhmiú go sásúil in 2012 agus tionóladh cruinnithe den Choiste Bainistíochta Riosca i Feabhra, Aibreán, Iúil agus Deireadh Fómhair.

Lean an Roinn i mbun oibre ar chreat tomhais feidhmíochta a fhorbairt. Chomh maith leis sin, tá an Roinn rannpháirteach i dtionscadal píolótach na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar teideal “Ireland Stat”. Thosaigh an Roinn ag obair ar chreat tomhais feidhmíochta níos fearr agus ar mhodheolaíocht costála a fhorbairt.

***Slándáil TEC***

Tá an Roinn tiomanta go láidir do shlándáil a córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus déantar athbhreithniú neamhspleácha orthu sin freisin. Tá nósanna imeachta aisghabhála/cúltaca doiciméadaithe i bhfeidhm do na sonraí ríthábhachta go léir, lena n-áirítear seirbhísí stórála as an láthair agus saoráidí aisghabhála i gcás tubaiste. Tá Aonad Slándála IT tiomanta ag an Roinn agus tá sí forghníomhach i bhforbairt agus cur chun cinn polasaithe slándála IT. Bíonn socruithe slándála ICT faoi réir ag athbhreithniú ó rannóg iniúchta IT an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Chomh maith leis sin bíonn an Roinn faoi réir ag iniúchadh creidiúnaithe bliantúil, lena n-áirítear athbhreithniú ar bhainistíocht riosca ríomhaireachta, ina cáil mar ghníomhaire íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh. Mar chuid den phróiseas creidiúnaithe, roghnaigh an Roinn an caighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistiú Slándála Faisnéise a ghlacadh mar bhunús dá slándáil IT.

**Tom Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

27 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

**Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta**

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

**Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

**Scóip an iniúchta**

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

**Tuairim faoin gcuntas leithghabhála**

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Lúnasa 2013

# Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

# Cuntas Leithreasa 2012

| | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Trádáil, forbairt agus polasaí agraibhia | | 350,892 | 346,145 | 344,085 |
| B | Sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí | | 253,059 | 238,424 | 256,627 |
| C | Geilleagar agus timpeallacht tuaithe | | | | |
| | *Soláthar don Bhliain Reatha* | 457,764 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 26,900 | 484,664 | 476,157 | 535,504 |
| D | Caiteachas díreach | | 250,219 | 257,287 | 285,064 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don Bhliain Reatha* | 1,311,934 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 26,900 | **1,338,834** | **1,318,013** | **1,421,280** |
| *Bain de* | | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **369,632** | **378,256** | **429,883** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don Bhliain Reatha* | 942,302 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 26,900 | | | |
| | | | **969,202** | **939,757** | **991,397** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 29,445,201 | 282,218,098 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | 6,000,000 | 26,900,000 |
| Farasbarr le Géilleadh | 23,445,201 | 255,318,098 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 184,552 | 177,550 | 189,817 |
| ii | Taisteal agus cothú | 7,501 | 7,286 | 7,885 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 5,601 | 4,062 | 4,723 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 5,154 | 4,340 | 4,653 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 20,234 | 17,404 | 17,778 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 6,000 | 6,052 | 6,166 |
| vii | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithniú luach airgid agus beartais | 100 | 77 | 14 |
| viii | Bearta forlíontacha chun leasa airgeadais an AE a chosaint | 629 | 634 | 588 |
| ix | Trealamh saotharlainne | 5,600 | 5,511 | 5,738 |
| x | Uachtaránacht an AE | — | — | — |
| | | 235,371 | 222,916 | 237,362 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 1,095,097 | 1,183,918 |
| Pá | | 177,550 | 189,817 |
| Caiteachas eile | | 45,366 | 47,545 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,318,013** | **1,421,280** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 378,256 | 429,883 |
| **Glanchaiteachas** | | **939,757** | **991,397** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (3,160) | | |
| Dímheas | 6,880 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | | |
| | | 3,721 | 4,317 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (7,862) | | |
| Méadú ar stoc | 225 | | |
| | | (7,637) | (19,169) |
| **Caiteachas díreach** | | **935,841** | **976,545** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 65,179 | 64,424 |
| Measchíosanna | | 7,552 | 7,215 |
| **Costas glan clár** | | **1,008,572** | **1,048,184** |

#### 1.1 Caiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 30 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2,452 | 2,514 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 58,487 | 56,340 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,804 | 5,174 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | — | 69 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí srl | 436 | 327 |
| | **65,179** | **64,424** |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 14,003 | 17,724 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 50,215 | 118,044 |
| Stoic | 2.5 | 4,083 | 4,309 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,065 | 1,518 |
| Ioncam fabhraithe: | | | |
| Maoiniú EAFRD dlite ón AE | | 122,784 | 115,239 |
| Méideanna eile dlite ón AE | | 2,890 | 3,890 |
| Ró-íocaíochtaí scéime | | 3,307 | 4,573 |
| Dlite ó sheirbhísí | | 6,124 | 5,637 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 1,349 | 2,111 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **192,817** | **255,321** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 6,031 | 7,578 |
| Ioncam iarchurtha | | 1 | 4 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 35,492 | 44,042 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.8 | 16,072 | 76,113 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **57,596** | **127,737** |
| **Glandliteanais reatha** | | **135,221** | **127,584** |
| **Glandliteanais** | | **149,224** | **145,308** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **149,224** | **145,308** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 145,308 | 130,456 |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 1,004,936 | 1,055,821 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | 7,552 | 7,215 |
| Costas glan clár | 1 | (1,008,572) | (1,048,184) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **149,224** | **145,308** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 969,202 | 1,273,615 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (6,000) | (26,900) |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (23,445) | (255,318) |
| | | 939,757 | 991,397 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1 | 65,179 | 64,424 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **1,004,936** | **1,055,821** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige/ fearais eile | Troscán agus feistin | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2012 | 217,720 | 13,997 | 231,717 |
| Breiseanna | 3,122 | 38 | 3,160 |
| Diúscairtí | (190) | — | (190) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2012 | 220,652 | 14,035 | 234,687 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012 | 201,903 | 12,090 | 213,993 |
| Dímheas don bhliain | 6,482 | 398 | 6,880 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (189) | — | (189) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2012 | 208,196 | 12,488 | 220,684 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **12,456** | **1,547** | **14,003** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | **15,817** | **1,907** | **17,724** |

Ní áirítear talamh agus foirgnimh sa ráiteas thuas. Tá liosta talún agus foirgneamh atá á riar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas.

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 53,334 | 123,983 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (3,119) | (5,939) |
| | 50,215 | 118,044 |

## 2.5 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthairtí saotharlainne agus ceimiceáin | 289 | 287 |
| Soláthairtí stáiseanóireachta | 124 | 103 |
| Soláthairtí ríomhaireachta | 143 | 180 |
| Soláthairtí tréidliachta | 3,171 | 3,254 |
| Beostoc | 223 | 302 |
| Stoc talmhaíochta | 68 | 104 |
| Míreanna sábháilteachta agus soláthairtí gharchabhracha | 24 | 36 |
| Soláthairtí glantacháin | 7 | 7 |
| Stoic ola | 34 | 36 |
| | 4,083 | 4,309 |

## 2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Óinchistí agus costais taistil in-aisíoctha | 209 | 232 |
| Aiscí agus cnapshuimeanna pinsin in-aisíoctha de chuid na Roinne | — | 594 |
| Airleacain chuig OOP | 1,075 | 1,109 |
| Dlite ó údaráis áitiúla maidir le forbairt chuain | 65 | 131 |
| Eile | — | 45 |
| | 1,349 | 2,111 |

## 2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

| amhail an 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 533 | 598 |
| Cáin Bhreisluacha | 517 | 761 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 3 | 168 |
| Aoisliúntas | — | 473 |
| CBL idirghabhála | 65 | (29) |
| Cáin Ioncaim | — | 3,365 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | — | 1,189 |
| | 1,118 | 6,525 |
| Urrúis | 291 | 343 |
| Díolacháin/ tobhaigh chuóta bainne | 565 | 422 |
| Cistí bord bainne cheantar Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí | — | 642 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 2,124 | 2,205 |
| Airleacain AE (nóta 6.5) | 24,631 | 32,176 |
| Ilghnéitheach | 6,763 | 1,729 |
| | 35,492 | 44,042 |

### 2.8 Glandliteanas ón Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 23,445 | 255,317 |
| Géilleadh iarchurta | 6,000 | 26,900 |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (13,373) | (206,104) |
| Glandliteanas ón Státchiste | 16,072 | 76,113 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 50,215 | 118,044 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 1,349 | 2,111 |
| | 51,564 | 120,155 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,118) | (6,525) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (34,374) | (37,517) |
| | (35,492) | (44,042) |
| | 16,072 | 76,113 |

### 2.9 Ceangaltais

| at 31 December | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | Dlite go 2013 | Blianta dar gcionn | Iomlán | Iomlán |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **(a) Soláthar** | 7,925 | 6,281 | 14,206 | 9,452 |
| **(b) Deontais** | | | | |
| Deontais infheistíochta caipitil | 19,100 | 41,500 | 60,600 | 103,000 |
| Forbairt chuain iascaireachta agus infrastructúir chóstaigh | — | — | — | 152 |
| Taighde bia | 13,552 | 32,459 | 46,011 | 33,058 |
| Foraoiseacht | 102,690 | 646,616 | 749,306 | 784,461 |
| Bithfhuinneamh | 667 | — | 667 | 293 |
| Deontais chuig an earnáil orgánach | 6,374 | 22,000 | 28,374 | 54,849 |
| Scéim fheabhsaithe fheirmeacha | 26,307 | 38,324 | 64,631 | 79,688 |
| Scéim luathscoir | 13,998 | 32,000 | 45,998 | 93,840 |
| An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 141,995 | 168,560 | 310,555 | 496,491 |
| An scéim um chaomhnú an chomhshaoil faoin tuath | 51,800 | 138,392 | 190,192 | 282,100 |
| Scéim ghairneoireachta | 200 | — | 200 | 225 |
| Póiriú eachaí | — | — | — | 1,676 |
| An tÚdarás um Thógáil Eallaigh | — | — | — | 884 |
| Sláinte Ainmhithe Éireann | 500 | — | 500 | 1,000 |
| Luacháil Mhargaidh Ar Fheirm | 133 | — | 133 | — |
| Iomlán na ngealltanas infhorfheidhmithe le dlí | 385,241 | 1,126,132 | 1,511,373 | 1,941,169 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Trádáil, Forbairt agus Polasaí Agraibhia** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 17,638 | 17,056 | 15,176 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 4,118 | 3,519 | 3,417 |
| A.3 | Taighde agus oiliúint | 31,910 | 32,407 | 35,190 |
| A.4 | Forbairt talmhaíochta agus bia | 25,250 | 25,936 | 20,361 |
| A.5 | Teagasc - deontas-i-gcabhair do speanais ghinearálta | 117,060 | 117,060 | 120,156 |
| A.6 | An Bord Bia - deontas-i-gcabhair do speanais ghinearálta | 27,120 | 27,120 | 27,637 |
| A.7 | Foras na Mara (deontas-i-gcabhair) | 22,450 | 22,449 | 24,123 |
| A.8 | Bord Iascaigh Mhara (deontas-i-gcabhair) | 17,000 | 16,250 | 16,738 |
| A.9 | Deonacháin chabhair bia -An Clár Domhanda Bia | 9,960 | 9,960 | 9,960 |
| A.10 | Seirbhísí eile | 22,096 | 18,098 | 14,037 |
| A.11 | An Ciste Rásaíochta Capall agus Cúnna | 56,290 | 56,290 | 57,290 |
| | | **350,892** | **346,145** | **344,085** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár €4,747,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhísí eile | 3,998 | Rinneadh coigilteas ar chostais dlí mar gur réitíodh níos lú cásanna dlí le linn na bliana ná mar a bhíothas ag súil leis. Rinneadh coigilteas faoi na Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Mairteola agus Uaineola freisin de bharr laghdú ar an líon rannpháirtithe agus ardú ar an éifeachtúlacht oibríochta. Rinneadh coigilteas freisin de bharr Chlár Glactha na Teicneolaíochta Mairteola mar nár seoladh é go dtí Feabhra 2012. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe agus Sláinte Plandaí** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 104,067 | 100,362 | 105,868 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | 30,020 | 26,746 | 29,455 |
| B.3 | Sábháillteacht bia (agus sláionte poiblí), sláinte agsu leas ainmhithe agus sláinte plandaí | 118,972 | 111,316 | 121,212 |
| B.4 | Seirbhísí eile | — | — | 92 |
| | | **253,059** | **238,424** | **256,627** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár €14,635,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Sábháillteacht bia (agus sláionte poiblí), sláinte agsu leas ainmhithe agus sláinte plandaí | 7,656 | Rinneadh coigilteas ar dhíothú eitinne, ESB, na scráibí, agus cláir ghalair ainmhithe eile mar gheall ar an laghdú leanúnach ó thaobh teagmhais ghalair de agus níos lú cásanna de ráigeanna galair Aicme A le linn na bliana. Rinneadh níos lú caiteachais freisin ar dhualgais iniúchta feola ag monarchana feola mar gheall ar thabhairt isteach uainchláraithe níos éifeachtaí agus táillí laghdaithe in aghaidh na huaire. Rinneadh cuid den choigilteas faoin gceannteideal seo a fhritháireamh ag próiseáil líon níos airde éileamh d'íocaíochtaí faoin scéim leasa bó diúil ná mar a measadh an chéad lá riamh. |

| | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe** | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | 39,047 | 36,885 | 41,103 |
| C.2 | Riarachán - caiteachas eile | | 9,526 | 8,694 | 8,781 |
| C.3 | Timpeallacht tuaithe | | 243,000 | 253,213 | 277,022 |
| C.4 | Soghluaiseacht talún (scéimeanna luathscoir/cabhair suiteála) | | 24,150 | 20,471 | 27,702 |
| C.5 | Forbairt talmhaíochta agus bia | | 26,261 | 23,475 | 40,882 |
| C.6 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | | |
| | *Soláthar don Bhliain Reatha* | 89,460 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 26,900 | 116,360 | 112,817 | 116,459 |
| C.7 | Iascaigh | | 13,060 | 9,862 | 12,648 |
| C.8 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | 10,690 | 9,341 | 10,199 |
| C.9 | Seirbhísí eile | | 2,570 | 1,399 | 708 |
| | | | **484,664** | **476,157** | **535,504** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár €8,507,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Soghluaiseacht talún (scéimeanna luathscoir/cabhair suiteála) | 3,679 | Rinneadh na coigiltis mar gur cháiligh níos mó rannpháirtithe don phinsin náisiúnta seanaoise in aois a 65 nó 66 bliain faoi na Scéimeanna Luathscoir ná mar a bhíothas ag súil leis agus laghdaíodh pinsean na scéime luathscoir ag an bpointe sin faoin méid pinsin náisiúnta seanaoise a íocadh. |
| Forbairt talmhaíochta agus bia | 2,786 | Caitheadh níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis faoi na Scéimeanna Spriocdhírithe Nuachóirithe Talmhaíochta, gan an Scéim Leasa Éanlaith Chlóis san áireamh, de bharr nár críochnaíodh roinnt tionscadal a ceadaíodh le haghaidh cúnamh deontais agus nár tarraingíodh anuas an maoiniú ó tá dhá bhliain ag na hiarratasóirí oibreacha ceadaithe a thabhairt chun críche. |
| Iascaigh | 3,198 | Rinneadh na coigiltis faoi fhorbairt caipitil dobharshaothraithe de bharr srianta leanúnacha ar thionscadail infheistíochta incháilithe a d'eascair as uiscí intíre a ainmniú mar Limistéir Chaomhantais Speisialta agus mar Limistéir Chosanta Speisialta agus de bharr dobharshaothrú bradáin a chur as an áireamh. |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 1,349 | Cuireadh moill ar chonarthaí caipitil na Gníomhaireachta um Chosaint Iascaigh Mhara a bhronnadh, agus rinneadh coigilteas dá bharr sin. |
| Seirbhísí eile | 1,171 | Áirítear faoin gceannteideal seo Tionscadal Feabhsúcháin Inis Sionnach, nach raibh gach costas ionchais ina leith dlite roimh dheireadh na bliana. Chomh maith leis sin, níor theastaigh an maoiniú go léir a leithdháileadh le haghaidh Cúnaimh Teicniúil. |

| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | 2012 Toradh | 2011 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Íocaíochtaí Díreacha** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 23,800 | 23,247 | 27,670 |
| D.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 7,155 | 6,407 | 5,892 |
| D.3 | Tacaíochtaí ioncaim agus margaidh | 29,161 | 21,181 | 17,609 |
| D.4 | Tacaíochtaí ioncaim i gceantair faoi mhíbhuntáiste | 190,000 | 206,303 | 233,757 |
| D.5 | Seirbhísí eile | 103 | 149 | 136 |
| | | **250,219** | **257,287** | **285,064** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár €7,068,000 níos airde ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tacaíochtaí ioncaim agus margaidh | 7,980 | Bhí trí phríomhrannpháirtí i gceist leis an gcoigilteas €7.98m faoin gceannteideal seo. Bhí an príomhchoigilteas mar gheall ar chaiteachas níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar dhícheaduithe, AE, costais idirghabhála agus costais úis níos ísle ar iasachtaí gearrthéarmacha a bhaineann le CETRT. |
| Tacaíochtaí ioncaim i gceantair faoi mhíbhuntáiste | (16,303) | Tá an caiteachas breise mar gheall ar gur imréitíodh leibhéal níos airde iarratas faoi scéim 2012 le haghaidh íocaíochta faoi dheireadh na bliana ná mar a measadh an chéad lá riamh. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Fo-cheannteideal** | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Aisghabháil ar thuarastal, srl. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh | | 850 | 995 | 761 |
| 2. | Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl. socruithe | | 1 | 636 | 736 |
| 3. | Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta d'iniúchadh ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile | | 14,732 | 15,232 | 15,247 |
| 4. | Fáltais ó tháillí cigearachta tréidliachta d'onnmhairthe beo | | 1,091 | 1,215 | 1,646 |
| 5. | Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta | | 5,000 | 5,096 | 5,685 |
| 6. | Fáltais ó dhíol vaicsíní, beostoc, táirgí feirmeoireacha, etc. ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm i mBaile an Aba; aisghabháil ar chostais choraintín in Inis Píc | B.3 | 805 | 989 | 1,277 |
| 7. | Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó Fheirm Bhacastúin | A.3 | 1,597 | 2,235 | 1,698 |
| 8. | Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an nGalar buaibheach a dhíothú | B.3 | 5,000 | 5,194 | 5,780 |
| 9. | Fáltais ó Choimisiún na talún | | 5 | 1,005 | 410 |
| 10. | Fáltais eile | | 202 | 1,585 | 2,652 |
| 11. | Costais idirghábhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) FEOGA eile | D.3 | 282 | 1,275 | 1,056 |
| 12. | Caillteanas Stoic Idirghabhála, etc. | D.3,D.5 | 1 | — | 1,086 |
| 13. | EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | C.3,C.5,D.4 | 300,000 | 294,428 | 346,368 |
| 14. | Ciste Tréidliacha | B.3 | 13,960 | 18,898 | 19,566 |
| 15. | Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht) | D.3, D.5 | 1,358 | 1,012 | 1,044 |
| 16. | Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Iascaigh EAGGF) | D.3 | 600 | 9 | 919 |
| 17. | Plean Forbartha Náisiúnta - Fáltais struchtúrtha (2000-2006) | | — | — | 3,316 |
| 18. | Fáltais ó fhíneálacha agus fhorghéillte i leith iascaigh farraige | | 100 | 197 | 249 |
| 19. | Fáltais faoin Acht Imeall Trá 1933 agus an tAcht Maoine Stáit 1954 | | 100 | 111 | 120 |
| 20. | Aisghabhail AE i ndáil le caiteachas ar iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | | 1 | 1,167 | 379 |
| 21. | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | C.7 | 412 | 972 | 689 |
| 22. | Fáltais FIFG AE (dobharshaothrú agus forbairt) | C.7 | 3,390 | 1,399 | — |
| 23. | EFF (Iascaigh) 2007-2013 | | 4,076 | 6,960 | — |
| 24. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | 16,069 | 17,646 | 19,199 |
| | **Iomlán** | | **369,632** | **378,256** | **429,883** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach teideal ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim mheasta tar éis aon choigeartú meastacháin fhorlíontaigh de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh** <br> **€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Aisghabháil ar thuarastal, srl. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh | (145) | Níor aisghabháladh roinnt de na tuarastail a bhí dlite i ndáil le 2011 go dtí 2012. |
| Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl. socruithe | (635) | Ní dhéantar ach soláthar comharthach d'ioncam faoin gcatagóir seo de bharr nádúr neamhintuartha forghéilltí ar urrúis ceadúnais. |
| Fáltais ó tháillí cigearachta tréidliachta d'onnmhairthe beo | (124) | Bhí an t-ioncam ó thaillí i ndáil le honnmhairithe muc agus caorach níos airde ná mar a soláthraíodh sa chéad mheastachán. |
| Fáltais ó dhíol vaicsíní, beostoc, táirgí feirmeoireacha, etc. ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm i mBaile an Aba; aisghabháil ar chostais choraintín in Inis Píc | (184) | Is de réir éilimh a chuirtear samplaí ar aghaidh chuig saotharlanna na Roinne agus mar sin tá sé deacair an líon ionchais fáltas a mheas go cruinn. Is de bharr ardú ar an líon aighneachtaí post mortem chuig Saotharlanna Tréidliachta Réigiúnacha in 2012 a bhí líon níos airde fáltas ná mar a bhí measta ar dtús. |
| Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó Fheirm Bhacastúin | (638) | Ghin torthaí agus táirgí ar cháilíocht níos airde san earnáil toradh níos airde ná mar a bhí measta. |
| Fáltais ó Choimisiún na talún | (1,000) | Fuarthas líon níos airde fáltas ná mar a bhí measta de bharr airgead a fuarthas le linn na bliana nuair a díoladh talamh ina ndearnadh iontaobhais pháirc bó a chúlghairm. |
| Fáltais eile | (1,383) | Chuir asbhaintí aoisliúntais foirne infhaighte ó na gníomhaireachtaí stáit faoi choimirce na Roinne seo atá san áireamh faoin gceannteideal seo leis an bhfarasbarr. |
| Costais idirghábhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) FEOGA eile | (993) | Airgead a fuarthas ón AE i ndiaidh an cuntas EAGF 2011 a ghlanadh, airgead nach rabhthas ag súil leis nuair a rinneadh an meastachán, ba chúis leis an difríocht. |
| Ciste Tréidliacha | (4,938) | Bhí an leibhéal fáltas níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar shocrú de chuid an AE an leithdháileadh a mhéadú ón gCiste. |
| Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht) | 346 | Ghlac níos lú daoine ná mar a solathraíodh dóibh sa chéad mheastachán leis an Scéim Bainne do Scoileanna agus leis an Scéim Torthaí do Scoileanna, agus bhí aistriú cómhaoinithe níos ísle ón AE mar thoradh air sin. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Iascaigh EAGGF) | 591 | Is deacair an líon daoine a ghlacfaidh le scéimeanna idirghabhála margaidh iascaigh agus mar sin an méid a bheidh le haisghabháil ón EAGF a thomas roimh ré, mar gheall ar nádúr an tionscail iascaireachta agus mar gheall ar luaineacht choibhneasta soláthair agus éilimh. |
| Aisghabhail AE i ndáil le caiteachas ar iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | (1,166) | Ní dhearnadh soláthar d'aisíocaíocht faoin gceannteideal seo sa chéad mheastachán de bharr go mbraitheann fáltais ar an maoiniú a bhíonn ar fáil agus ar oiriúnacht tionscadal. |
| Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | (560) | Íocaíocht mhór amháin agus roinnt riaráistí táillí a fuarthas le linn na bliana ba chúis leis an difríocht ón meastachán. |
| Fáltais FIFG AE (dobharshaothrú agus forbairt) | 1,991 | Bhí an líon fáltas faoin gceannteideal seo níos lú ná mar a measadh ar dtús mar níor cuireadh deireadh leis an gClár oibríochta faoin FIFG 2000-2006 in 2012 mar a bhíothas ag súil leis. |
| EFF (Iascaigh) 2007-2013 | (2,884) | Tharla an farasbarr de bharr nach tarraingíodh síos cistí a bhí dlite in 2011 ón gCoimisiún Eorpach go dtí 2012. |
| Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | (1,577) | Ba dheacair an méid tobhaigh ioncaim a mheas de bharr na n-athruithe leanúnacha ar líon na mball foirne agus a gcuid ioncaim sa Roinn agus sna gníomhaireachtaí Stáit faoina coimirce. |

**4.2 Fáltais Bhreise le hÍoc leis an Státchiste**

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Ciste pinsin Bhord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath | 5 | 11 |
| Airgead Coinsiasa | — | 1 |
| Géilleadh iarmhéideanna cuntais ar fionraí | 1,517 | 164 |
| Costais dlí | 20 | 20 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne | — | 782 |
| Táillí Dlí a aisíoc | — | 4 |
| Géilleadh deonach ar phá | 16 | 8 |
| Fáltais ó dhíolachán dhá réadmhaoin | 245 | — |
| Deontais don Tionscal Déiríochta - arna ngéilleadh ag Fiontar Éireann | 2,101 | — |
| Iomlán | 3,904 | 990 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Baineann an fhaisnéis a leanas faoi líon fostaithe agus pá leis an Roinn agus a gcuid comhlachas gaolmhar Stáit. Athdhearbhaíodh figiúirí comparáideacha 2011 leis na comhlachais Stáit seo a chur san áireamh.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon Foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 4,844 | 5,159 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 221,798 | 235,873 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 2,428 | 2,834 |
| Liúntais eile | 1,631 | 2,193 |
| Ragobair | 3,522 | 3,874 |
| Íocaíochtaí Iomarcaíochta | 192 | 134 |
| ÁSPC an Fhostóra | 10,938 | 10,959 |
| **Pá iomlán** | **240,509** | **255,867** |

Baineann na mionsonraí faoi liúntais, ragobair agus luach saothair eile i nóta 5.1 agus i nóta 5.2 thíos le baill foirne na Roinne a íoctar go díreach ón Vóta faoi chláir A go D, agus sin amháin. Tá eolas mionsonraithe maidir le socruithe na gComhlachtaí Stáit a bhaineann leis an Roinn ó thaobh luach saothair ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí Stáit lena mbaineann.

**5.1 Liúntais agus íocaíochta ragoibre**

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2012 € | Uasíocaíocht aonair 2011 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 543 | 8 | 20,614 | 20,614 |
| Liúntais eile | 480 | 18 | 20,206 | 20,642 |
| Ragobair | 829 | 89 | 30,835 | 46,771 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Íocadh líon iomlán de €79,343 le beirt státseirbhíseach a bhí ar scor, ag fáil pinsean na státseirbhíse, agus a athfhostaíodh ar bhonn táille. Chomhlíon na táillí a íocadh prionsabail Acht na bPinsean (Laghdú) 1965.

Áirítear ar an méid sin €29,310 i ndáil leis an gcuid neamh-inaisghabhála de luach saothair oifigeach a bhíonn ar iasacht chun comhlacht ionadaíochta foirne.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Chuir rialachán Uimh. 1290/2005 ón gComhairle (CE) an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Talmhaíochta Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (EARDF) i láthair le héifeacht ó bhliain bhuiséid AE 2007 (16 Deireadh Fómhair 2006 – 15 Deireadh Fómhair 2007). Déanann an EAGF maoiniú ar íocaíochtaí díreacha agus tacaíochtaí margaidh agus cómhaoiníonn an EAFRD bearta forbartha tuaithe faoi chláir forbartha tuaithe cheadaithe. Tagann an EAGF agus an EAFRD in áit Cistí Treoraíochta agus Ráthaíocht Talmhaíochta an EAGGF faoi seach.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bearta atá maoinithe go hiomlán ag an EAGF agus gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an EAFRD agus ón Vóta.

Cuimsíonn Cláir C agus D caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE trí mheán CETFT. Cuimsíonn Clár C freisin caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Tréidliachta an AE. Cuimsíonn Clár C caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE trí mheán na hIonstraime Airgeadais um Threoraíocht Iascaigh, 2000-2006 (IATI) agus ag an gCiste Eorpach Iascaigh, 2007-2013 (CEI). Cuimsíonn Clár D muirear don Vóta de €10.5m do mhaoiniú AE a dícheadaíodh.

Áirítear ar an gCuntas ús de €3.27 milliún a íoctar ar iasachtaí gearrthréimhseacha €720 milliún a fuarthas ar iasacht in 2011 chun caiteachas Ráthaíochta EAGF a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht ón AE. Áisíocadh na hiasachtaí in 2012 mar aon le hús.

Fuarthas €730 milliún ar iasacht i gcistí gearrthréimhseacha in 2012 chun caiteachas Ráthaíochta a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht AE in 2013. Ní léirítear na hiasachtaí seo i Nóta 2.

Rinneadh soláthar, faoi mar a sracrianaíodh i Nóta 6.5 d'ábhar dliteanais sa todhchaí ar féidir leo eascairt as aisíocaíocht réamh-mhaoinithe CETFT a fuarthas ón AE i 2007 agus i 2008.

**Fáltais maidir le caiteachas atá maoinithe ag an AE arna mbainistiú ag ráthaíocht EAGF na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (bearta lánmhaoinithe ag an AE)**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| Scéim Íocaíochta Aonair (lena n-áirítear Aisíocaíocht Mhodhnaithe) | 1,248 | 1,316 |
| Caoirigh fhéaraigh, éifeachtúlacht déiríochta, beatha Bhoirne (Rialachán AE 73/2009 Airteagal 68 bearta) | 39 | 23 |
| Aisíocaíochtaí onnmhairithe | 1 | 3 |
| Idirghabháil | 14 | 36 |
| Forthobhach Bainne | (16) | — |
| Eile | 6 | (2) |
| **Fáltais cómhaoinithe (beartha cómhaoinithe ag an AE)**[1] | **2012** | **2011** |
| | **€m** | **€m** |
| **Talmhaíocht** | | |
| Clár forbartha tuaithe EAFRD 2007-2013 | 294 | 346 |
| Ciste Tréidliacha | 19 | 20 |
| Idirghabháil mhargaidh | — | 1 |
| Fáltais cómhaoinithe eile | 2 | 5 |
| **Iascaigh** | | |
| FIFG - forbairt dobharshaothraithe/forbairt iascaigh | 2 | 1 |
| EFF – an Ciste Eorpach Iascaigh 2007 - 2013 | 7 | — |
| | 1,616 | 1,749 |

[1] Níl ach cómhaoiniú AE ar na cláir sin le feiceáil sa tábla seo.

**6.2 Ró-íocaíochtaí**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag 1 Eanáir | 4,573 | 5,760 |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh i rith na bliana | 8,225 | 7,643 |
| Ceartúcháin | (3,524) | (2,227) |
| Aisghabhálacha | (5,498) | (6,030) |
| Díscríobh (nóta 6.3) | (469) | (573) |
| Ró-íocaíochtaí scéime amhail an 31 Nollaig | 3,307 | 4,573 |

**6.3 Díscríobh**

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas faoi chead leithroinnt na Roinne Airgeadais:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Scéim:** | | |
| Luathscor ó heirmeoireacht | 93,599 | 265,949 |
| Scéimeanna foraoisithe | 174,826 | 221,837 |
| Préimheanna AE ilghnéitheacha miscellaneous agus Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe | 100,472 | 84,930 |
| An scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath | 100,038 | — |
| | 468,935 | 572,716 |
| **Eile:** | | |
| Táillí cigireachta Tréidliachta gan íoc ag cuideachtaí a thuilleadh i mbun gnó | 10,850 | — |
| Ró-íocaíocht den tuarastal chuig ball foirne (chuaigh ar scor anois) | — | 1,414 |
| Riaráistí blianachta Coimisiún na Talún | — | 75,834 |

**6.4 Costais Dlí agus Cúiteamh**

Mar seo a leanas a rangaítear na costais dlí a íocadh le linn na bliana;

| | 2012 |
|---|---|
| | € |
| Táillí dlí | 33,265 |
| Costais forchúitimh | 1,243,799 |
| | 1,277,064 |

B'ionann an líon iomlán táillí dlí agus costais forchúitimh a tabhaíodh in 2011 agus €980,083.

**6.5 Dliteanas Teagmhasach**

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar féidir go ndéanfaidh siad dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá an méid iarbhír nó ionú an ábhair dhliteanais neamhchinnte.

Chuir an clár EAFRD faoi Rialachán 1290/2005 Airteagal 25 7% de mhaoiniú airleacain ar an gClár iomlán ar fáil. Íocadh é in dhá thráthchuid i 2007 agus 2008. B'ionann sin agus €147m de mhaoiniú airleacain don Roinn ar a tugadh fáltas mar leithreasaí-i-gcabhair sna blianta sin. Ní mór an maoiniú airleacain sin a chuntasú faoi dheireadh an Chláir. D'fhéadfadh dliteanais a bheith ann, go dtí luach an airleacain, ag brath ar an gcaiteachas deiridh don chlár, a mbeidh deireadh leis i 2013. Tá an difríocht idir luach an mhaoinithe airleacain agus an caiteachas incháilithe arna dhearbhú amhail an 31 Nollaig 2012 á cur ar fáil ag an Roinn i gcuntas ar fionraí. €24.63 milliún an luach atá coinnithe ar fionraí.

**6.6 Deontais un Chabhair Bia**

Is é atá sa chlár Domhanda Bia an eagraíocht cúnaimh bhia de chuid na Náisiún Aontaithe agus oibríonn sé ar bhonn anníocaíochtaí deonacha a ghealltar go neamhrialta. Cuireann an clár cúnamh bia ar fáil do thíortha a bhfuil acu leis, cuidíónn le tionscadail eacnamaíochta agus sóisialta a chur i bhfeidhm agus tugann faoiseamh d'íospartaigh tubaistí nádúrtha agus tubaistí eile. Tá an clár i bhfeidhm in thart ar 80 tír. €8.436m a bhí i rannchuidiú na hÉireann leis an gclár Domhanda Bia i 2012 (2011: €8.436m).

Is é an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia an príomhchomhaontú idirnáisiúnta ar sholáthar cúnaimh bhia agus fónann sé mar chód iompair sárchleachtais agus mar ghealltanas bliantúil maidir le cúnamh bia. An clár Domhanda Bia a choimeádann cúnamh arna dheonadh faoin gCoinbhinsiún agus baintear úsáid as chun cúnamh a sholáthar i gcúinsí éigeandála. €1.524m a bhí i rannchuidiú na hEireann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Bia i 2012 (2011: €1.524m).

**6.7 Íocaíochtaí Ex-Gratia**

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €1,370,000 san iomlán le 141 heagraíochtaí leasa ainmhithe (2011: €1,234,000).

Rinneadh íocaíocht ex-gratia de €40,728 d'fheirmeoir faoin scéim Dhíothaithe Eitinne, a raibh air a thréad fianna a dhealú.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia de €14,799 san iomlán do 27 iarrthóir faoin Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme, ar íocadh a gcuid deontas go páirteach de bhun socraithe rialtais.

**7. An Ciste Rásaíochta Capall agus Con**

Suimeanna na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don tréimhse go 31 Nollaig 2012

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2012 | — | — |
| Fáltais (focheann A.11) | 56,290 | 57,290 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | (45,032) | (45,830) |
| Bord na gCon | (11,258) | (11,460) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012 | — | — |

**SCEIDEAL NA TALÚN AGUS FOIRGNEAMH**

| **Contae** | **Maoine** | **Achar (Heicteáir)** |
|---|---|---|
| An Cabhán | Plota foraoise, Dún an Rí | 0.3 |
| An Cabhán | Tailte, Coláiste Teagasc, Béal Átha Éis | 17.0 |
| Corcaigh | Saotharlann tástála Fola, Bóthar na Modh-Fheirme | — |
| Corcaigh | Déiríochta eolaíocht saotharlainne, Bóthar na Modh-Fheirme | — |
| Corcaigh | Plota foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Corcaigh | Plota foraoise, An Baile Nua | 29.7 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Droichead na Bandan | 1.4 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Corcaigh | Plota foraoise, An Gleann Garbh | 5.0 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Cinéal Aodha | 7.5 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Áth Trasna | 1.5 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Rathluirc | 1.5 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Bántír | 7.0 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Dúiche Ealla | 5.5 |
| Corcaigh | Plota foraoise, Ros Ó gCairbre | 11.0 |
| Corcaigh | Tailte, Bóthar na Modh-Fheirme | 4.0 |
| Corcaigh | Saotharlainne tréidliachta Réigiúnach, Bóthar na Modh-Fheirme | — |
| Dún na nGall | Plota foraoise, Ard an Rátha | 6.5 |
| Dún na nGall | Plota foraoise, An Damhshraith | 107.3 |
| Dún na nGall | Plota foraoise, Gaoth Beara | 1.8 |
| Dún na nGall | Plota foraoise, Cúil na gCuirridín | 0.6 |
| Dún na nGall | Plota foraoise, Leitir Ceanainn | 0.3 |
| Dún na nGall | Plota foraoise, Droim an Locha | 13.5 |
| Dún na nGall | Plota foraoise, Mín an Fhir Rua | 1.5 |
| Dún na nGall | Ionad tástála prátaí, Ráth Bhoth | 78.0 |
| Dún na nGall | Saotharlann tástála prátaí, Ráth Bhoth | — |
| Gaillimh | Plota foraoise, Béal Átha Ghártha | 0.5 |
| Gaillimh | Plota foraoise, Uachtar Ard | 7.0 |
| Gaillimh | Tailte, Coláiste Teagasc , Baile Átha an Rí | 59.0 |
| Ciarraí | Plota foraoise Cill Airne | 1.0 |
| Ciarraí | Plota foraoise, Cill Orglan | 13.0 |
| Cill Dara | Plota foraoise, Domhnach Dheá | 0.1 |
| Cill Dara | Plota foraoise, Baile Átha Í | 3.5 |
| Cill Dara | Tailte, Bacastúin | 113.0 |
| Cill Dara | Stacumny Teachín, Bacastúin | — |
| Cill Dara | Ionad Tástála, Bacastúin | — |
| Cill Chainnigh | Plota foraoise, Caisleán an Chomair | 2.6 |
| Cill Chainnigh | Plota foraoise, Cnoc an Tóchair | 1.3 |
| Cill Chainnigh | Tailte, Coláiste Chill an Dátúnaigh | 18.0 |
| Laois | Plota foraoise, An Baile Fionn | 2.2 |
| Laois | Plota foraoise, Darú | 2.2 |
| Liatroim | Plota foraoise, Gleann Fearna | 11.0 |
| Luimneach | Plota foraoise, Béal an Átha | 2.7 |
| Luimneach | Plota foraoise, Faing | 1.8 |
| Luimneach | Plota foraoise , Áth Dara | 3.0 |
| Luimneach | Plota foraoise, Cill Fhíonáin | 9.9 |
| Maigh Eo | Plota foraoise, Béal Easa | 3.0 |
| Roscommon | Plota foraoise, Loch Cé | 16.0 |

**SCEIDEAL NA TALÚN AGUS FOIRGNEAMH**

| Contae | Maoine | Achar (Heicteáir) |
|---|---|---|
| Sligeach | Plota foraoise Béal Trá | 141.0 |
| Sligeach | Plota foraoise, Baile Hamaltúin | 2.0 |
| Sligeach | Plota foraoise Binn Ghulbain | 5.9 |
| Sligeach | Plota foraoise, Cúil Mhuine | 1.3 |
| Tiobraid Árann | Plota foraoise, An Chloichín | 1.3 |
| Tiobraid Árann | Plota foraoise, Cluain Meala | 3.2 |
| Tiobraid Árann | Plota foraoise, Cill Síoláin | 0.9 |
| Tiobraid Árann | Plota foraoise, Neir | 2.8 |
| Tiobraid Árann | Plota foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Tiobraid Árann | Plota foraoise, Carraig na Siúire | 4.0 |
| Port Láirge | Plota foraoise, An Currach Mór | 0.6 |
| Port Láirge | Plota foraoise, Coill Mhic Thomáisín | 17.5 |
| An Iarmhí | Plota foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |
| An Iarmhí | Plota foraoise, Baile na gCros | 1.0 |
| Loch Garman | Plota foraoise, Guaire | 11.1 |
| Loch Garman | Plota foraoise, Killane | 0.4 |
| Loch Garman | Plota foraoise, Fotharta | 15.3 |
| Cill Mhantáin | Plota foraoise, Ballinahinch | 60.7 |
| Cill Mhantáin | Plota foraoise, Cloghleagh | 1.4 |
| Cill Mhantáin | Plota foraoise, Áth na Sceire | 1.0 |
| Cill Mhantáin | Plota foraoise, Cill Mhantáin | 3.7 |
| Cill Mhantáin | Plota foraoise, Achadh Mhéanach | 0.8 |
| Cill Mhantáin | Plota foraoise, Abhainn Mhór | 1.0 |
| Cill Mhantáin | Plota foraoise, Gleann Dá Loch | 5.1 |
| Cill Mhantáin | Plota foraoise, Gleann Ó Máil | 6.1 |
| Cill Mhantáin | Plota foraoise, Shelton | 2.6 |

Ina theannta sin, tá an talamh agus na foirgnimh ag sé lárionad cuain iascaigh dílsithe san Aire. Tugtar cuntas orthu go leithleach i gcuntas Chiste na gCuanta Iascaigh.

Bhí 414 heicteár ag an Aire, mar chomharba ar Choimisiún na Talún, de thalamh neamhthalmhaíoch ar láimh ag 31 Nollaig 2012.

Aistríodh 186 acra talaimh, ar luach €6.1m, chuig Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt sa bhliain.

I 2012 dhíol an Roinn dhá réadmhaoin i gCill Dara agus i dTiobraid Árann ar luach iomlán €245,378 (nóta 4.2).